Aistear Síolta
Treoir Chleachtais

**Leidbhileog**
(3-6 bliana)

## Eolas do thuismitheoirí

# Ag cabhrú le do leanbh óg le mata

Ó rugadh do leanbh tá sé ag foghlaim faoin mata. Tá an Mata i ngach áit thart orainn. Má labhraíonn tú le do leanbh agus má ligeann tú dó páirt a ghlacadh i ngnáthghníomhaíochtaí an lae amhail dul chuig an siopa, cócaireacht nó fiú an bord a chóiriú, cabhróidh sé sin le do leanbh le mata. Nuair a fhoghlaimíonn do leanbh rainn shimplí, nuair a ghléasann sé, nuair a fhoghlaimíonn sé le sealaíocht a dhéanamh nó nuair a bhaineann sé sult as cluichí cur i gcéill, amhail obair in oifig an phoist no  i mbialann, faigheann sé cuidiú chun uimhreas, patrún agus cruth, tomhas agus sórtáil a thuiscint.

Cabhróidh tú le do leanbh fadhbanna mata a fhuascailt gach lá mar seo, mar shampla, má oibríonn sibh amach conas milseáin a roinnt go cothrom, má chinntíonn sibh go bhfuil scian agus forc ag gach duine ag am dinnéir,  nó ma chabhraíonn sibh leo go leor páipéir a thomhas chun bronntanas a chlúdach. Fiú nuair a thosaíonn do leanbh ar scoil, is féidir leat fós ról tábhachtach a imirt a chabhrú leis mata a thuiscint agus sult a bhaint as. **Seo roinnt leideanna ar an gcaoi chun é sin a dhéanamh:**

- Tabhair soithí do do leanbh chun súgradh leo.
  - Labhair faoi: *coinníonn níos mó/ níos lú nó folamh/lán*.
  - Triail gníomhaíochtaí mar *bhácáil nó súgradh le gaineamh/uisce*.

- Spreag do leanbh le bréagáin a chur as an mbealach go slachtmhar.

- Déan comparáid eatarthu: *Tá an bréagán seo níos troime/ níos éadroime, nó níos mó/níos lú ná*.

- Úsáid *cnaipí nó pionnaí éadaigh* le patrúin a dhéanamh.
  - Smaoinigh faoi phatrún i dtaca le *dath, méid agus cruth*.

- Abraigí rainn shimplí áirimh le chéile:  *Deich mBuidéal Ghlasa*.

- Tabhair réada mata do do leanbh chun súgradh leo: *miosúir, rialóirí, gutháin, uaireadóirí, crúiscíní, scálaí meá*.

- Breathnaigh ar an gclog: *am scoile/luí*.

- Iarr ar do leanbh cabhrú le sórtáil: *stocaí  a mheaitseáil, nó rudaí a chur sa chuisneoir/ sa phrios*.
- Amharc ar chruthanna: *Cá mhéad ciorcal a fheiceann tú sa  chistin? Cad iad na cruthanna a fheiceann tú sa ghairdín? Amharc ar leabhair agus roghnaigh cruthanna éagsúla*.

- Dírigh aird ar *laethanta na seachtaine, agus an t-am sa lá*: *inniu, inné, amárach, maidin, oíche*.

- Amharc ar uimhreacha: *ar charranna, ar bhusanna, i siopaí*. Bíodh tóraíocht uimhreacha agaibh lena fháil amach cé agaibh is mó a fheicfidh uimhreacha.

- Tomhais do leanbh: *Cén airde é? Cén mhéid atá sna bróga aige . Úsáid focail mar mór/ beag, leathan/caol, ard/íseal*.

- Imir cluichí comhairimh: *ag cuntas suas/ síos staighre. Imir cluichí simplí le dísle, Nathracha agus Dréimirí, Biongó nó Cleas na Bacóide*.

- Tarraing nó déan cruthanna le *gaineamh, pasta, criáin, gearrthóga cairtchláir*. Labhair fúthu: *cearnóg/ ciorcal, díreach/ cuartha*.

- Déan siopa bréige ag úsáid cannaí agus paicéid bhia.

- Úsáid fíorairgead nó airgead bréige.

- Labhair faoi:  *Cá mhéad?  Cad é an tsóinseáil a fuair muid?*


NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs